AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2023
COM(2023) 285 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Meastóireacht Eatramhach ar an gComhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)

{SWD(2023) 169 final}

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Meastóireacht Eatramhach ar an gComhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)

1. RÉAMHRÁ

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo na torthaí ar mheastóireacht eatramhach i gcomhréir le hAirteagal 14 de Chinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna dhéanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát.[1]

Leis an gCinneadh ceanglaítear ar an gCoimisiún meastóireacht eatramhach a dhéanamh ar PRIMA le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha faoin 30 Meitheamh 2022. Freisin ní mór don Choimisiún tuarascáil a ullmhú ar an meastóireacht sin a chuimsíonn conclúidí na meastóireachta agus breithnithe ag an gCoimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2022.

Tá an mheastóireacht eatramhach ar PRIMA bunaithe ar staidéar seachtrach[2]. Clúdaíonn sé an tréimhse ó tionscnaíodh PRIMA (2017) go dtí mí an Mhárta 2022. Foilsíodh Glao ar Fhianaise[3] agus cuireadh na torthaí san áireamh.

Sa tuarascáil seo déantar achoimre ar phríomhchonclúidí na meastóireachta eatramhaí agus cuimsítear breithnithe an Choimisiúin a leanann as.

2. COMHTHÉACS AGUS FORBHREATHNÚ AR PRIMA

Déantar bainistíocht neamh-inbhuanaithe ar chórais soláthair uisce agus chórais bhia i limistéar na Meánmhara. Déantar an dúshlán sin níos measa fós le dúshlán na haeráide agus bíonn tionchair iartheachtacha mhóra aige lena n-áirítear brú sóisialta agus eacnamaíoch, éagobhsaíocht agus imirce.

Ceann de na príomhchúiseanna leis an mbainistíocht neamh-inbhuanaithe ar chórais soláthair uisce agus bhia i limistéar na Meánmhara é an easpa réiteach nuálach coiteann atá curtha in oiriúint do staid réalaíoch áitiúil an réigiúin agus ar féidir a aistriú go héasca thairis, agus a ndearnadh a phíolótú agus a léiriú go hiomlán ar an talamh[4].

Ní thagann na réitigh sin toisc nach bhfuil an leibhéal foriomlán d'infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht i limistéar na Meánmhara i gcomhréir le méid na ndúshlán réigiúnach; bíonn difríocht mhór idir leibhéil infheistíochta na dtíortha; níl an cistiú dírithe go maith ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le soláthar agus bainistíocht uisce agus bia; ní bhíonn cumais taighde agus nuálaíochta na bpáirtithe leasmhara ábhartha atá i gceist – mar shampla iad siúd

[1] IO L 185, 18.7.2017, lch. 1.

[2] Staidéar meastóireachta ar na Cláir Réime Eorpacha um Thaighde agus um Nuálaíocht chun aghaidh a thabhairt ar Dhúshláin Domhanda agus ar Iomaíochas Tionsclaíoch - Díriú ar ghníomhaíochtaí i ndáil leis an aistriú glas – RTD/2021/SC/023 - Meastóireacht Eatramhach ar an gComhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) (le teacht)

[3] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13558-Partnership-on-Research-and-Innovation-in-the-Mediterranean-Area-PRIMA-first-interim-evaluation_en

[4] SWD(2016)332 Measúnú Tionchair PRIMA

atá san earnáil phríobháideach – láidir go leor i gcónaí; agus tá na hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta agus comhair idir Ballstáit an Aontais agus tíortha na Meánmhara Theas agus Thoir ró-scaipthe (agus iad rialaithe den chuid is mó ag cruinnithe déthaobhacha) le tionchar suntasach a imirt.

Bunaíodh PRIMA mar fhreagra ar na dúshláin sin, chun soláthar agus bainistíocht uisce, agus córais bhia a dhéanamh níos dianseasmhaí ó thaobh na haeráide, níos éifeachtaí, níos cost-éifeachtaí agus níos inbhuanaithe go heacnamaíoch agus go sóisialta. Cloíonn an tionscnamh le hAirteagal 185 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)[5] chomh maith le hAirteagal 26 ar "Chomhpháirtíochtaí poiblí-poiblí" de Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], an rialachán a rialaíonn an Clár réime um Thaighde agus Nuálaíocht, Fís 2020. Le Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle- gníomh bunúsach PRIMA sainordaítear leibhéal ard gealltanais ag na tíortha rannpháirteacha chun comhtháthú ar leibhéal eolaíoch, bainistíochta agus airgeadais[7]. Freisin tugtar le tuiscint leis go ndéanann na Stáit Rannpháirteacha (SR) a gcuid iarrachtaí taighde go deonach agus go ndéanann siad clár comhpháirteach taighde a shainiú agus iad féin a ghealladh dó chun luach a chur leis an Aontas.

Cuimsíonn clár PRIMA na Stáit Rannpháirteacha seo a leanas: 11 Bhallstát Aontais (An Chróit, An Chipir, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Iodáil, Lucsamburg, Málta, An Phortaingéil, An tSlóivéin agus An Spáinn); 3 ThírChomhlachaithe le Fís 2020 (Iosrael, an Túinéis agus an Tuirc) agus 5 Tríú Tír: An Ailgéir, an Éigipt, an Iordáin, an Liobáin agus Maracó. Síníodh comhaontuithe déthaobhacha idirnáisiúnta leis an Aontas leis an Ailgéir, leis an Éigipt, leis an Iordáin, leis an Liobáin agus le Maracó chun páirt a ghlacadh in PRIMA.

Cuirtear an clár chun feidhme ag struchtúr cur chun feidhme PRIMA (PRIMA-IS)[8], a bunaíodh i mBarcelona in 2017 mar eintiteas tiomnaithe, atá freagrach as bainistíocht dhíreach ar rannchuidiú an Aontais faoi Airteagal 185 den CFAE, agus a chinntíonn trína Rúnaíocht agus a chuid Comhlachtaí Rialaithe, go ndéantar clár PRIMA a chur i bhfeidhm go réidh, go héifeachtúil agus go trédhearcach.

Tá cur chun feidhme PRIMA bunaithe ar Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht (SRIA) fadtéarmach[9], lena soláthraítear an fhís agus an treoir straitéiseach chun an clár a chur chun feidhme agus atá mar bhonn chun Pleananna Oibre Bliantúla PRIMA a leagan amach.

Agus é mar sprioc uileghabhálach aige cur le hinbhuanaitheacht agus le cobhsaíocht an réigiúin i réimse sholáthar agus bhainistíocht inbhuanaithe an bhia agus an uisce, tá sé mar aidhm le PRIMA cuspóirí iolracha a bhaint amach. Síneann na cuspóirí sin ó spriocanna téamacha chun freastal ar riachtanais sochaí i limistéar na Meánmhara agus cuspóirí sonracha chun dul i ngleic le dul chun cinn i dtreo Limistéir chomhtháite um Thaighde Eorpach agus

[5] Leagan comhdhlúite den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Teideal XIX Taighde agus Forbairt Theicneolaíoch agus an Spás, Airteagal 185

[6] Airteagal 26(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena bhunaítear Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104)

[7] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32017D1324

[8] Comhlacht príobháideach é Sainstruchtúr Cur Chun Feidhme PRIMA faoi dhlí na Spáinne a bunaíodh ar an 19 Meitheamh 2017 i mBarcelona agus a leagann Comhlacht Rialaithe PRIMA cúram air as tabhairt faoi na gníomhaíochtaí uile bainistíochta, riaracháin, tacaíochta agus faireacháin is gá chun Clár PRIMA a chur chun feidhme

[9] D'fhormhuinigh na hAirí Taighde agus Nuálaíochta Clár Oibre Straitéiseach PRIMA um Thaighde agus Nuálaíocht le linn na Comhdhála Aireachta maidir leis an gComhar Eora-Meánmhara a Neartú trí Thaighde agus Nuálaíocht i Málta an 4 Bealtaine 2017 agus ghlac Bord Iontaobhaithe Fhondúireacht PRIMA é an 16 Samhain 2017

Meánmhuirí go spriocanna taidhleoireachta eolaíche le haghaidh an chomhair le comharsa theas an Aontais.

Le roinnt blianta anuas, d'éirigh le PRIMA comhar éifeachtach atá bunaithe ar mhuinín a bhunú idir tíortha na Meánmhara Thuaidh agus Theas. Mar an bpríomhthionscnamh Aontais i limistéar na Meánmhara chun dul i ngleic leis na dúshláin lárnacha sin ó thaobh na taighde agus na nuálaíochta de, tá PRIMA ag clúdach na deighilte taighde agus nuálaíochta agus socheacnamaíche sa chomharsanacht Theas agus Thoir agus ag feabhsú sláinte, síochána agus cobhsaíochta le haghaidh shochaithe an réigiúin san fhadtéarma.

Cuireann PRIMA gníomhaíochtaí chun feidhme i bhfoirm glaonna ar thograí i dtrí roinn:

- Eagraíonn PRIMA glaonna Roinn 1 agus cistítear go heisiach le Fís 2020 iad.
- Eagraíonn PRIMA glaonna Roinn 2 chomh maith ach cistíonn Stáit Rannpháirteacha iad
- Eagraíonn agus cistíonn Stáit Rannpháirteacha glaonna Roinn 3

Is é buiséad iomlán PRIMA le haghaidh 2017-2028 EUR 494 milliún, agus EUR 220 milliún ag teacht ó Fhís 2020[10] (thart ar EUR 30 milliún/bliain le haghaidh trí réimse théamaigh) agus EUR 274 milliún ó acmhainní náisiúnta chun díriú ar riachtanais taighde agus nuálaíochta agus beartais taighde agus nuálaíochta a ailíniú ar fud a chuid Stát Rannpháirteach.

3. TORTHAÍ AGUS MOLTAÍ/BREITHNITHE NA MEASTÓIREACHTA EATRAMHAÍ

3.1 Torthaí ar an meastóireacht eatramhach

Dearbhaíonn an mheastóireacht eatramhach gur féidir an luach breise de thoradh chomhpháirtíocht PRIMA i gcomparáid leis an luach a d'fhéadfadh Stáit Rannpháirteacha aonair a bhaint amach agus iad ag gníomhú go neamhspleách ar leibhéal idirnáisiúnta/náisiúnta agus/nó réigiúnach a mheas mar ard agus go mbeidh sé níos airde fós le haghaidh na todhchaí.

Tharraing na saineolaithe neamhspleácha aird ar na príomhéachtaí seo a leanas:

- Tá PRIMA ag rith go héifeachtúil agus níl aon mhoilleanna maidir leis na pleananna oibre bliantúla ná a chuid glaonna a chur chun feidhme;
- Idir 2018-2021, seoladh ceithre ghlao go rathúil agus roghnaíodh 168 dtionscadal lena gcistiú;
- Is ionann an cistiú iomlán le haghaidh PRIMA, cistiú Aontais agus náisiúnta san áireamh (gan ranníocaíochtaí comhchineáil san áireamh) EUR 353 milliún le haghaidh na tréimhse 2018-2021. Is ionann sin agus 71 % den chistiú foriomlán arna dhámhadh do PRIMA;
- Bhí raon leathan tairbhithe bainteach sna tograí a roghnaíodh. Tháinig an chuid is mó díobh ó earnáil phoiblí na stát rannpháirteach. Cuimsíonn bunaíochtaí ardoideachais an líon is airde tairbhithe i PRIMA. Cuimsíonn an chatagóir sin ollscoileanna, institiúidí, saotharlanna agus comhairlí taighde, agus déanann sí suas 41.3 % de na tairbhithe go léir le haghaidh na tréimhse 2018-2021. Is ionann eagraíochtaí taighde

[10] Gealladh an EUR 220 milliún san iomlán ar leibhéal bhuiséad an Aontais ag deireadh 2020.

agus 28.8 % de na tairbhithe. Is ionann eagraíochtaí phríobháideacha brabúis agus beagáinín níos lú ná 20 %, agus an chuid is mó díobh (5 as 6) ina bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide;

- Tá an Iodáil agus an Spáinn rangaithe sa chéad áit i measc na dtairbhithe éagsúla, agus i ndiaidh siúd tá an Túinéis agus an Fhrainc. Déanann rannpháirtithe ó Stáit Rannpháirteacha neamh-Aontais suas 38 % de na tairbhithe go léir i nglaonna Roinn 1 agus Roinn 2. I ndiaidh na Túinéise, tá an líon is airde tairbhithe ag Maracó, Türkiye, agus an Ailgéir as Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas (SP MT);
- Maidir le ranníocaíocht airgeadais, fuair SP MT tuairim is EUR 62 mhilliún nó 28 % de na cistí iomlána. Astu siúd, fuarthas EUR 35.9 milliún ó bhuiséad ranníocaíochta airgeadais an Aontais (Roinn 1). Is ionann sin agus sciar de thart ar 32 %, a sháraíonn an sciar sprice de 25 %, a tuaradh i ngníomh bunúsach PRIMA;
- Ós rud é nach raibh aon tionscadal críochnaithe ag am na meastóireachta, bhí sé ró-luath le teacht ar thátal maidir le rannchuidiú torthaí ionchais na dtionscadal sin le riachtanais sochaí na Stát Rannpháirteach. Tugann sonraí a bailíodh ó 53 thionscadal ar éirigh leo ina n-athbhreithniú meántéarma, áfach, go bhfuil dul chun cinn maith déanta i dtreo cuspóirí oibriúcháin a chomhlíonadh.

Tagann an mheastóireacht eatramhach ar an gconclúid ach go hairithe:

- Go bhfuil ról uathúil ag PRIMA in éiceachóras taighde agus nuálaíochta na Meánmhara agus go gcomhlíonann sé cuspóirí nach bhfuil clúdaithe ag tionscnaimh eile;
- Gur chabhraigh PRIMA le comhtháthú eolaíoch a chothú ar fud na stát rannpháirteach. Ina éagmais, ní dóchúil go mbeadh comhar chomh dlúth acu mura mbeadh dreasacht shoiléir chistiúcháin agus creat straitéiseach acu chun comhar a éascú;
- Ceadaíonn PRIMA do Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas ach go háirithe leas a bhaint as a gcuid cumas taighde agus nuálaíochta. Trí phlé le PRIMA, faigheann taighdeoirí as Stáit Rannpháirteacha neamh-AE rochtain ar na deiseanna cistiúcháin a ghabhann le Roinn 1, a mhaoiníonn an tAontas;
- Cuireann PRIMA le críoch breise a chur leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET), go háirithe trí theacht thar an gcomhar trasteorann neamhdhóthanach i limistéar na Meánmhara trí thionscadail trasteorann a chistiú, ar féidir a bheith ag súil leis go mbeidh tionchair níos mó acu in áit iarrachtaí aontaobhacha nó déthaobhacha amháin;
- Measadh go raibh luachanna PRIMA mar atá an chomhúinéireacht, an leas coiteann, an tairbhe roinnte agus prionsabal an róil chothroim-ábhartha ach go háirithe chun comhar a chumasú idir an tAontas agus a chuid comharsana Meánmhara Theas mar chomhpháirtithe;
- Is féidir an clár a mheas mar uirlis ábhartha um thaidhleoireacht eolaíoch a chabhraíonn leis an Aontas agus a chuid comharsana Meánmhara a dhéanamh níos gaire dá chéile agus mothú iontaoibhe frithpháirtí agus cuimsitheachta a chothú;
- Neartaíonn PRIMA an comhar idir Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas go háirithe i réimse an taighde agus na nuálaíochta;
- Maidir leis an todhchaí, tá céimeanna glactha ag Struchtúr cur chun feidhme PRIMA chun comhordú le tionscnaimh na Físe Eorpaí lena ghabhann béim théamach chosúil,

amhail Misean an Aontais ‘Margadh Ithreach don Eoraip’ nó comhpháirtíochtaí nua mar an gComhpháirtíocht Eorpach “Slándáil Uisce don Phláinéad” (Water4All). Tá comhar leis an Misean Aontais “Athchóirigh ár n-Aigéan agus ár gcuid Uiscí” i bPlean Oibre Bliantúil PRIMA 2023 ar ghlac an Coimisiún leis go deireanach;

- Rannchuidíonn PRIMA lena bhéim théamach le hionstraimí agus achtanna éagsúla faoi bheartas an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, amhail Straitéis nua an Aontais um an Oiriúnú don Athrú Aeráide, an Straitéis “ón bhFeirm go dtí an Forc” (ról i réimse an taighde agus na nuálaíochta agus an bhia inbhuanaithe), Plean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach, Plean Gníomhaíochta Saor ó Thruailliú agus Treoir Réime an Aontais maidir le hUisce (TRU).

3.2 Moltaí agus ceachtanna a foghlaimíodh

I dtuarascáil na meastóireachta eatramhaí agus í tacaithe ag sonraí agus fianaise oibiachtúil déantar measúnú ar stádas reatha agus éachtaí PRIMA, tugtar spreagadh chun tacú le cur chun feidhme PRIMA agus cuirtear bonn eolais faoi choigeartuithe meántéarmacha féideartha. Nochtar sa mheastóireacht go bhfuil PRIMA ar a bhealach chun a chuid cuspóirí a bhaint amach, go n-oibríonn sé i gcomhréir leis na prionsabail agus na nósanna imeachta is infheidhme agus gur bhain sé amach cloí le beartais inmheánacha agus seachtracha ábhartha an Aontais.

Measann an Coimisiún gurb amhlaidh, le roinnt blianta anuas, gur éirigh le PRIMA comhar éifeachtach atá bunaithe ar mhuinín a bhunú idir tíortha na Meánmhara Thuaidh agus Theas, chun réitigh choiteanna a fhorbairt atá nuálach, inbhuanaithe, cost-éifeachtach agus éifeachtúil ar chórais bhia inbhuanaithe agus bhainistíocht chomhtháite uisce. Mar an bpríomhthionscnamh Aontais i limistéar na Meánmhara chun dul i ngleic leis na dúshláin lárnacha sin ó thaobh na taighde agus na nuálaíochta de, tá PRIMA ag clúdach na deighilte taighde agus nuálaíochta agus socheacnamaíche sa chomharsanacht Theas agus Thoir agus ag feabhsú sláinte, síochána agus cobhsaíochta le haghaidh shochaithe an réigiúin san fhadtéarma.

Anois níos mó ná riamh is é an t-am ceart le haghaidh níos mó comhair chun réitigh nuálacha a shainaithint d'fhonn acmhainní uisce a chosaint, slándáil bia agus chothaithe a mhéadú, agus athléimneacht, cothromaíocht agus inbhuanaitheacht na gcóras bia agus feirmeoireachta a neartú i réigiún na Meánmhara.

Go deimhin, tá todhchaí na bpríomhacmhainní nádúrtha (uisce, ithir, línte cósta agus bithéagsúlacht) in Imchuach na Meánmhara bagartha fós ag roinnt fachtóirí brú atá ag gníomhú ag an am céanna agus, i go leor cásanna, go hainsealach, lena n-áirítear uirbiú, tionsclú, méadú ghníomhaíochtaí na diantalmhaíochta, agus an dobharshaothraithe, agus saothrú neamh-inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha. Déantar leochaileacht an réigiúin níos measa fós ag a íogaire don athrú aeráide. Dar le 6ú Tuarascáil Mheasúnaithe Mheitheal Oibre II de chuid Phainéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (a foilsíodh i mí Feabhra 2022), meastar gurb iad éiceachórais na Meánmhara na héiceachórais is mó a tionchar ag an athrú aeráide orthu de réir a mar a leanfaidh sé ar aghaidh.

Ina theannta sin tá dúshláin rialachais, socheacnamaíocha, aeráide, chomhshaoil agus slándála roimh réigiún na Meánmhara Theas, a n-eascraíonn an chuid is mó acu ó threochtaí domhanda agus glao ar ghníomhaíocht chomhpháirteach ag comhpháirtithe Comharsanachta an Aontais agus an Tuaiscirt. Mar thoradh ar choimhlintí fada, fulaingíonn daoine go dona, spreagtar easáitiú éigeantach suntasach, imrítear tionchar mór ar ionchais eacnamaíocha agus sóisialta sochaithe iomlána, go háirithe le haghaidh tíortha a óstálann daonraí móra teifigh, agus géaraítear iomaíocht gheopholaitiúil agus cur isteach seachtrach.

Ina theannta sin, tá brú mór á chur ar acmhainní daonna agus ar thalmhaíocht ag éifeachtaí phaindéim Covid-19. Dá bhrí sin, is gá do shochaithe na Meánmhara tús áite a thabhairt fós don bhonnathrú go hacmhainní nádúrtha, neamhthruaillithe agus go córais bhia fholláine, chothroma, athléimneacha agus inbhuanaithe.

Mar sin, tá cuspóirí PRIMA bailí fós.

Anuas air sin, aithníonn 'Coimisiún geopholaitiúil' an Uachtaráin Ursula von der Leyen ról áirithe na Meánmhara agus áitíonn sé go bhfuil sé beartaithe aige oibriú i ndlúthchomhar le comhpháirtithe na Meánmhara ar an gComhaontú Glas don Eoraip ionas 'gur féidir linn an réigiún a dhéanamh ina cheannaire maidir le réitigh aeráide.' Trí raon leathan tionscadal agus

clár, PRIMA san áireamh, tacaíonn an tAontas lena chuid comhpháirtithe sa Chomharsanacht Theas le beartais ghlasa a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cuireann sé chun cinn comhar chun truailliú agus athrú aeráide a chomhrac, táirgeann sé cabhair dá chomhpháirtithe sa Chomharsanacht Theas chun Comhaontú Aeráide Pháras agus na forbairtí a leanann é a chur chun feidhme agus oibríonn sé chun dea-chleachtas agus saineolas a roinnt.

Le torthaí fadtéarmacha PRIMA a neartú, déantar na moltaí seo a leanas:

- Cur chun feidhme thrí Roinn PRIMA a shruthlíniú níos mó. Nochtadh sa mheastóireacht go gcuimsíonn comhpháirtíocht PRIMA an t-éiceachóras ceart chun chuir chuige saincheaptha a chumasú i dtreo shaincheisteanna comhpháirteacha réigiún na Meánmhara ó thaobh ábhar agus leibhéal cistiúcháin. Bhí leibhéal íseal ratha mar thoradh ar tharraingteacht PRIMA, áfach[11]. Is é fírinne an scéil go bhfuil na leibhéil ratha le haghaidh Roinn 1 faoi bhun 5 %. Ar an gcaoi chéanna, tá rátaí ratha éagsúla i gceist le haghaidh Roinn 2 ó 6.6 % in 2018 go tuairim is 20 % in 2021. D'fhéadfadh an róchlárú sin bheith ina chúis dhíspreagtha maidir le tograí ardleibhéil a leagan isteach amach anseo. Ba cheart do struchtúr cur chun feidhme PRIMA aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo agus bealaí a mholadh le rátaí ratha a mhéadú le haghaidh na dtograí a roghnaítear um chistiú. Mar shampla, d'fhéadfaí an fhéidearthacht glaonna níos saincheaptha a dhéanamh agus an próiseas iarratais a bheachtú níos mó sa dá chéim de na glaonna a mheasúnú;
- Is cosúil go dtarraingíonn Roinn 3 leibhéil difriúil feasachta agus tábhachta ó Stáit Rannpháirteacha. Dá bhrí sin, is gá a éifeachtacht a mhéadú. Ba cheart do struchtúr cur chun feidhme PRIMA iarracht bhreise a dhéanamh chun aird na Stát Rannpháirteach a tharraingt ar thábhacht Ghníomhaíochtaí Tionscanta na Stát Rannpháirteach, chun acmhainn iomlán rannchuidithe na roinne sin a chomhlíonadh i dtreo réimse taighde níos comhtháite. D'fhéadfadh go mbainfeadh PRIMA leas as éascú na gceanglas tuairiscithe a ghabhann le Gníomhaíochtaí Tionscanta na Stát Rannpháirteach an oiread is féidir ionas go bhfreastalaíonn siad níos fearr ar acmhainní teoranta na n-Údarás Cistiúcháin Náisiúnta. Rogha eile chun ábharthacht straitéis Roinn 3 a mhéadú ab ea níos mó béime ar mhalartú, líonrú agus oiliúint;
- Cé go bhfuil páirtithe leasmhara sásta ar an iomlán le cur chun feidhme PRIMA, is gá iarrachtaí breise ó struchtúr cur chun feidhme PRIMA agus na Stáit Rannpháirteacha chun éifeachtúlacht Roinn 2 ach go háirithe a mhéadú, tríd an gcastacht a laghdú a tharlaíonn mar thoradh ar scéimeanna difriúla náisiúnta um chistiú agus oibriú i dtreo sruthlínithe ar nósanna imeachta riaracháin náisiúnta, chun an t-am um dheonú a laghdú, iontaofacht a neartú agus luas a fheabhsú;
- Chun leas iomlán a bhaint as na sineirgí idir na tionscadail agus chun pobail níos buaine a chothú, ba cheart do struchtúr cur chun feidhme PRIMA a chuid iarrachtaí a ghéarú chun an malartú idir tionscadail aonair a threisiú d'fhonn comhlántachtaí agus a gcuid sineirgí féideartha a shainaithint. Mar mhodhanna comhfhreagracha d'fhéadfadh, mar shampla imeachtaí a eagrú le haghaidh tionscadail ag céim luath chun foghlaim ó thionscadail ar a bhfuil níos mó dul chun cinn déanta, imeachtaí um malartú idir tionscail a bhfuil béim théamach chosúil acu nó imeachtaí líonraithe agus bróicéireachta;

[11] Is ionann « ráta ratha » mar a thugtar air agus cóimheas líon na dtograí a chistítear vs líon na dtograí incháilithe

- Is gá do Stáit Rannpháirteacha agus do struchtúr cur chun feidhme PRIMA infheistiú níos mó i ngníomhaíochtaí for-rochtana agus i bhforbairt acmhainne chun cur ar chumas gníomhairí ó Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas plé níos gníomhaí le PRIMA. Leagadh luach ar an bpointe i dtuarascáil na meastóireachta eatramhaí gurb amhlaidh ó tionscnaíodh PRIMA, go ndearnadh gníomhaíochtaí éagsúla chun tacú le páirtithe leasmhara as tíortha difriúla agus mar thoradh air sin go ndearnadh roinnt dul chun cinn ina gcuid córas taighde agus nuálaíochta. Tá acmhainn ann nár comhlíonadh fós, chun rannpháirtíocht níos gníomhaí i PRIMA a chumasú. Baineann sé sin le líon foriomlán na dtairbhithe as Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas, a d'fhéadfadh a bheith níos airde, agus lena róil sna tionscadail. Dá bhrí sin, is gá gníomhaíochtaí breise for-rochtana agus forbartha acmhainne agus tacaíocht bhreise chun nasc níos fearr a dhéanamh leis an bpobal trasnáisiúnta d'fhonn a rannpháirtíocht a ghéarú;
- Tá úsáid á baint ag PRIMA as go leor táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus éifeachtúlacht an chur i bhfeidhm. Mar sin féin, is gá faireachán níos córasaí a dhéanamh ar na torthaí agus ar na tionchair a eascraíonn as na gníomhaíochtaí éagsúla. I dtuarascáil na meastóireachta eatramhaí, leagadh béim ar an bpointe go ndearnadh iarrachtaí móra agus dul chun cinn suntasach i dtreo Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) PRIMA a fheabhsú go leanúnach. D'fhéadfaí na Príomhtháscairí Feidhmíochta a fheabhsú fós, áfach, maidir lena úsáidí is atá siad i ndáil le comhlíonadh na gcuspóirí sonracha agus tionchar na dtionscadal a mheas. Baineann sé sin, mar shampla, le heaspa na bPríomhtháscairí Feidhmíochta chun ailíniú an straitéis taighde agus nuálaíochta a thomhas lasmuigh den leibhéal nós imeachta. Anuas air sin, ní mór a áirithiú go ndéanfar faireachán leordhóthanach ar thionchar na dtionscadal, lasmuigh den athbhreithniú meántéarmach nó den athbhreithniú deiridh ar thionscadal, i.e. cineál éigin faireacháin rialta tar éis dheireadh tionscadail. Ba cheart do struchtúr cur chun feidhme PRIMA oibriú ansin ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta a choigeartú;
- Tá iarrachtaí láidre déanta ag struchtúr cur chun feidhme PRIMA cheana ar ghníomhaíochtaí scaipthe agus cumarsáide (e.g. roinn thiomnaithe ar láithreán gréasáin PRIMA, iris PRIMA, imeachtaí éagsúla bróicéireachta, roinn ar an ngréasán, Comhdháil Naisc ar Éiceachórais Uisce-Fuinnimh-Bia (ECUFB). Tuigeann Struchtúr Cur chun feidhme PRIMA freisin gur cheart béim a leagan ach go háirithe le gníomhaíochtaí for-rochtana amach anseo ar thionchair tionscadail a chur in iúl chomh luath is atá siad ar fáil. Is gá cumarsáid agus scaipeadh a mhéadú, áfach, chun an gealltanas polaitiúil fadtéarmach chun PRIMA san fhadtéarma a choinneáil. Anuas air sin, is gá cumarsáid inmheánach níos fearr laistigh de na cuibhreannais tionscadail;
- Ceann de phríomhéachtaí PRIMA é comhar a éascú idir an tAontas agus a chuid comharsana theas mar chomhpháirtithe comhionanna. Nochtadh i dtuarascáil na meastóireachta, áfach, nach bhfuil comhar idir Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas (comhar theas-theas) chomh láidir, áfach. Ba thairbhiúil méadú breise ar chomhar idir Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas, mar d'fhéadfadh sé cur le feabhas ar na caidrimh idir na tíortha sin. Dá bhrí sin, ba cheart do Struchtúr Cur chun feidhme PRIMA iarrachtaí a mhéadú chun pobail chomhfhreagracha a thógáil le chéile, e.g. le himeachtaí sonracha chun rannpháirtíocht cuibhreannas a chothú i measc Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas. Féidearthacht eile ab ea oiriúnú critéar roghnúcháin a bhreithniú chun bheith i bhfách le tograí (le haghaidh glaonna áirithe) b'fhéidir ina bhfuil rannpháirtithe iomaí as Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas ag idirghníomhú go gníomhach lena chéile.

- Sa lá atá inniu ann, tá PRIMA ag iniúchadh sineirgí le tionscnaimh Aontais agus Meánmhuirí, mar Bhraisle 6 den Fhís Eorpach, Misin agus Comhpháirtíochtaí. Freisin chuir PRIMA le Pobal Cleachtais Nasc ECUFB a chruthú agus le forbairt threochláir na n-Ardán Réigiúnach um Thaighde agus Nuálaíocht de chuid an Aontais don Réigiún Meánmhuirí ar athrú aeráide, fhuinneamh in-athnuaite agus shláinte, agus tacaíodh leis sin ag Comhdháil na nAirí ar thaighde agus nuálaíocht de chuid an Aontais don Réigiún Meánmhuirí ar an 27 Meitheamh 2022. D'fhéadfadh comhar féideartha leis an gcreat téamach críche ar an ngeilleagar gorm (West Med) agus an tionscnamh BlueMed cur le comhthiomsú acmhainní agus le tionchair a mhéadú. Ba cheart do struchtúr cur chun feidhme PRIMA na tionscnaimh sin a leanúint níos mo agus gníomhartha coincréiteacha a mholadh chun sineirgí a chur i bhfeidhm.

4. CONCLÚIDÍ

Aithníonn an tAontas ról speisialta na Meánmhara agus tá an Coimisiún Eorpach ag comhoibriú go dlúth cheana le comhpháirtithe na Meánmhara chun cabhrú leo teacht ar réitigh choiteanna ar na dúshláin sainaitheanta agus an réigiún a dhéanamh ina cheannaire maidir le réitigh aeráid-díonacha.

Tá ról uathúil ag PRIMA in éiceachóras taighde agus nuálaíochta na Meánmhara agus comhlíonann sé cuspóirí nach gcumhdaítear le tionscnaimh eile. Dar leis an Dearbhú Airí ar an gComhdháil Meánmhara ar Thaighde agus Nuálaíocht le déanaí, cumasaíonn Clár Oibre Straitéiseach Taighde agus Nuálaíochta PRIMA agus a chóras faireacháin agus meastóireachta clár comhpháirteach éifeachtach um thaighde agus nuálaíochta in earnálacha ríthábhachtacha don Mheánmhuir. Cuireann sé le dul chun cinn eolaíoch agus le réitigh theicniúla le haghaidh na réimsí uisce agus agraibhia agus a naisc idircheangailte.

Bhí teorainneacha áirithe leis an meastóireacht, toisc go bhfuil aon tionscadal a bhí cistithe ag PRIMA críochnaithe fós. Mar sin, is lú béime a chuirtear sa mheastóireacht ar thionchair fhadtéarmacha agus is mó béime a chuirtear ar an struchtúr, na próisis cur chun feidhme, agus ar dhul chun cinn reatha an Chláir. Déantar measúnú, ach go háirithe ar cibé acu an ndearnadh dul chun cinn mór maidir leis na cuspóirí sonracha, toisc nach mbraitheann siad siúd go hiomlán ar leas a bhaint as na torthaí atá bainte amach sna tionscadail. Sa chomhthéacs sin, is féidir teacht ar an gconclúid gur éirigh le PRIMA. Téann an chomhpháirtíocht i ngleic go leordhóthanach leis na dúshláin chomhshaoil, socheacnamaíocha agus bheartais atá ríthábhachtach d'fhorbairt réigiún Meánmhara a bheidh níos ciorclaí agus inbhuanaithe amach anseo. Ar an taobh eile den scéal, cuireann PRIMA le príomhthosaíochtaí, príomhchuspóirí agus príomhthionscnaimh pholaitiúla an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, go háirithe an straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc agus an straitéis bhithéagsúlachta, an Straitéis Bhithgheilleagair, an Straitéis um an Oiriúnú don Athrú Aeráide agus an Plean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach, chomh maith leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe uileghabhálacha. An tráth céanna, cuireann an clár go mór leis an gcaidreamh agus leis an gcomhar idir an tAontas agus a chomharsana sa deisceart a neartú. I roinnt cásanna, spreag sé comhar i measc na gcomharsana theas.

D'éirigh le Struchtúr Cur chun feidhme PRIMA é a bhunú mar ardán chun taighde, nuálaíocht agus comhar a neartú agus tá sé cumhdaithe go comhtháite sa tírdhreach polaitiúil.

I gcodarsnacht le tionscnaimh eile Airteagal 185 faoi Fhís 2020, níl aon réamhtheachtaí dlíthiúil ag PRIMA. Cé go ndearnadh comhpháirtíochtaí idir gníomhaireachtaí náisiúnta difriúla in ERA-NETS níos luaithe agus gurbh ann do thionscnaimh i dtreo limistéar na

Meánmhara, bhí corprú PRIMA mar chomhpháirtíocht poiblí-poiblí ar leibhéal an Aontais go hiomlán nua.

Glacfar leis na moltaí sa phlé idir an Coimisiún agus struchtúr cur chun feidhme PRIMA agus déanfar obair leantach ar a gcur chun feidhme mar chuid d'fhormhaoirseacht an Choimisiúin ar chlár PRIMA.

I gcomhréir leis na moltaí sin, féachfaidh an Coimisiún freisin le sonraí ábhartha a fháil agus a anailísiú ar bhealach níos córasaí d'fhonn feabhas a chur ar an bhfaireachán ar na tionchair a eascraíonn as clár PRIMA agus neartóidh sé cur in iúl na dtorthaí ábhartha i dtreo seirbhísí ábhartha laistigh den Choimisiún.

Cé go dtuartar gníomhaíochtaí PRIMA go dtí an 31 Nollaig 2028, clárófar a chuid glaonna deireanacha in 2024 faoi chreat Fhís 2020. Tá Stáit Rannpháirteacha PRIMA tosaithe ar spéis a léiriú maidir le leanúint ar aghaidh le PRIMA. Aithníodh an tábhacht a bhaineann le leanúint de PRIMA a phlé i gcomhréir leis an gclár Fís Eorpach– an Clár Réime reatha um chur chuige Taighde agus Nuálaíochta i dtreo Comhpháirtíochtaí freisin sa Dearbhú Airí ag gComhdháil na Meánmhara ar Thaighde agus Nuálaíocht ar an 27 Meitheamh 2022.

Chuir na hionadaithe ar Bhallstáit Rannpháirteacha an Aontais le linn na díospóireachta sa Chomhairle Iomaíochais (COMPET) an 2 Nollaig 2022, go bhfuil siad ar son leanúint ar aghaidh le PRIMA. D'aithin an Coimisiún an cuspóir leanúint ar aghaidh le tionscnamh PRIMA agus thionscain sé próiseas inmheánach chun na roghanna a mheas um athnuachan fhéideartha ar chlár PRIMA tar éis dheireadh a théarma ghníomhaigh in 2024. Cuirfear torthaí dearfacha na meastóireachta eatramhaí seo ar PRIMA san áireamh sa phróiseas sin. Ina theannta sin, cistíodh PRIMA as H2020 (2014-2021), cé go bhfuil a chuid glaonna sceidealaithe le haghaidh 2018-2024 (i.e. tagann tréimhse na gclár idir H2020 agus an Fhís Eorpach). Ba cheart an gá PRIMA a shioncronú le hamlíne an chreat cistiúcháin, i.e. leis an bhFís Eorpach, a bhreithniú freisin sa phróiseas seo.